Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2021
(OR. en)

5591/21

LIMITE

JUR 43
UK 25

PUBLIC

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile<br>– Comhaontú AE-amháin<br>– Feidhmiú an Aontais dá chuid inniúlachta féideartha |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ag cruinniú Coreper an 23 Samhain 2020, rinne ionadaí Sheirbhís Dlí na Comhairle (JUR) idirghabháil ó bhéal maidir le cineál dlítheanach an chomhaontaithe a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe (RA) a bhí á chaibidil, agus go háirithe maidir le saincheist na meascachta agus maidir le cineál AE-amháin an chomhaontaithe a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, tríd an Aontas a bheith ag feidhmiú a inniúlachta féideartha, mar a thugtar uirthi. Idir an dá linn, síníodh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus Euratom, de pháirt amháin, agus an Ríocht Aontaithe, den pháirt eile, an 30 Nollaig 2020 (an Comhaontú Trádála agus Comhair).

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

2. Mar fhreagra ar iarraidh ó roinnt toscaireachtaí, go háirithe ag cruinniú Mheitheal na Ríochta Aontaithe an 13 Eanáir 2021, daingnítear sa tuairim sin agus forbraítear i scríbhinn na freagraí a chuir JUR ar fáil cheana ó bhéal. Díríonn sé go háirithe ar shaincheist an Aontais a bheith ag feidhmiú a inniúlachta féideartha go seachtrach – i.e. feidhmiú a inniúlachta i réimsí inniúlachta comhroinnte nach bhfuil faoi réir comhrialacha cheana de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE agus an chásdlí ghaolmhair – agus na hiarmhairtí dlí a bheadh ag baint leis an bhfeidhmiú sin inniúlachtaí.

3. I bhfianaise a ghiorra atá ar fáil i bpróiseas leanúnach an tabhairt i gcrích, dírítear sa tuairim sin ar an gComhaontú Trádála agus Comhair agus ní sholáthraítear inti mionscrúdú ar gach gné de, ná ní sholáthraítear anailís chuimsitheach agus mhionsonraithe ar inniúlacht.

PUBLIC

## II. <u>AN CÚLRA FÍORASACH AGUS DLÍTHIÚIL</u>

4. An 25 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle a cinneadh[2] lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe, agus cuireadh na treoracha caibidlíochta i gceangal leis[3]. Leis an gcinneadh seo ainmníodh an Coimisiún Eorpach mar idirbheartaí an Aontais. I gcomhthráth leis sin, thaifead an Chomhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát ráiteas[4] le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle. Sa ráiteas sin, d'údaraigh ionadaithe na mBallstát don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh i réimsí den chaidreamh a bheidh ann amach anseo a thagann faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí, agus chuir siad in iúl go raibh an cheist an é an tAontas nó an tAontas agus a Bhallstáit a thabharfaidh an comhaontú nua i gcrích le cinneadh fós ag deireadh na caibidlíochta[5]

---

[2] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/266 ón gComhairle an 25 Feabhra 2020 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta (IO L 58, 27.2.2020, lch. 53).

[3] 5870/20 ADD 1 REV 3, Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann maidir le comhaontú nua comhpháirtíochta, an 25 Feabhra 2020.

[4] Iarscríbhinn B a ghabhann le 6239/20.

[5] "*Údaraíonn ionadaí [n]a mBallstát don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh ar réimsí* (…) *a thagann faoi chuimsiú inniúlachtaí na mBallstát* (…)*" agus "ag deireadh na caibidlíochta, cinnfear an cheist* (…) *an é an tAontas nó an tAontas agus a Bhallstáit a thabharfaidh an comhaontú i gcrích."* (fo- líniú curtha isteach).

5. D'eascair trí chomhaontú as an gcaibidlíocht, a tugadh chun críche an 24 Nollaig 2020: an Comhaontú Trádála agus Comhair; An Comhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú agus a chosaint, lena bhforlíontar an Comhaontú Trádála agus Comhair; agus Comhaontú idir Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Euratom le haghaidh Comhar i ndáil le hÚsáidí Sábháilte agus Síochánta an Fhuinnimh Núicléach. Mar a léirítear thuas, dírítear leis an tuairim seo ar an gcéad Chomhaontú.

6. Faoina chéad Airteagal, bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair "*an bonn le haghaidh caidreamh leathan idir an* [tAontas agus an Ríocht Aontaithe], *laistigh de limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta arb é is príomhthréith ann dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar chomhar, agus neamhspleáchas agus ceannasacht na bPáirtithe á n-urramú acu*"[6]. Agus cinneadh á dhéanamh aici an Comhaontú a shíniú, shainigh an Chomhairle é mar "*an bonn [a bhunú] le haghaidh caidreamh leathan idir an* [tAontas agus an Ríocht Aontaithe] *lena mbaineann cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, gníomhaíochtaí comhchoiteanna agus nósanna imeachta speisialta*" arb í an fhoclaíocht atá in Airteagal 217 CFAE maidir le comhaontuithe comhlachais, ar ar a bhonn a roghnaigh an Chomhairle an Comhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe a shíniú[7].

7. Leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe socruithe i raon leathan réimsí amhail trádáil in earraí, seirbhísí, infheistíochtaí, trádáil dhigiteach, gluaiseachtaí caipitil agus íocaíochtaí, maoin intleachtúil, soláthar poiblí, fuinneamh, eitlíocht agus iompar de bhóthar, iascach, comhordú na slándála sóisialta, easpa víosaí do chuairteanna gearrthéarmacha (Cuid a Dó den Chomhaontú), forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (Cuid a Trí), comhar téamach (sláinte agus cibearshlándáil) (Cuid a Ceathair) agus rannpháirtíocht i gcláir an Aontais (Cuid a Cúig).

---

6 Féach Airteagal COMPROV.1 (Cuspóir) an Chomhaontaithe. Tá an fhoclaíocht seo cosúil leis an bhfoclaíocht atá in Airteagal 8(1) CAE maidir le caidreamh an Aontais le tíortha comharsanachta.

7 Féach aithris 5 de Chinneadh (AE) 2020/2252 ón gComhairle an 29 Nollaig 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 444, 31.12.2020, lch. 2).


PUBLIC

Tacaítear leis le forálacha lena n-áirithítear comhchreat institiúideach (Cuid a hAon den Chomhaontú), lena n-áirítear sásra um réiteach díospóidí (Cuid a Sé), agus cothrom na Féinne idir na Páirtithe. 49 n-iarscríbhinn agus trí phrótacal atá sa Chomhaontú: Prótacal maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a ghnóthú; Prótacal maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim; agus Prótacal maidir le comhordú na slándála sóisialta.

Foráiltear sa dara hAirteagal den Chomhaontú gurb éard a bheidh sna comhaontuithe déthaobhacha a dhéanfar amach anseo idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe "*comhaontuithe forlíontacha a ghabhann leis an gComhaontú seo, mura bhforáiltear dá mhalairt sna comhaontuithe sin*" agus go "*beidh na comhaontuithe forlíontacha sin ina ndlúthchuid den chaidreamh déthaobhach foriomlán arna rialú leis an gComhaontú seo agus gur cuid den chreat foriomlán a bheidh iontu*"[8].

8. An 29 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh Uimh. (AE) 2020/2252, maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus an Chomhaontaithe maidir le Slándáil Faisnéise ('an cinneadh maidir le síniú')[9].

9. Leis an gcinneadh seo, [chinn] an Chomhairle, "*i bhfianaise chineál eisceachtúil uathúil an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, ar comhaontú cuimsitheach é le tír atá tarraingthe siar as an Aontas* (…) *úsáid a bhaint as an bhféidearthacht go bhfeidhmeoidh an tAontas a inniúlacht sheachtrach maidir leis an* [Ríocht Aontaithe]" (aithris 6). Dá bhrí sin, rinne an Chomhairle an rogha pholaitiúil go dtabharfaí an Comhaontú Trádála agus Comhair i gcrích mar chomhaontú AE-amháin. Léirítear sin go sainráite sa chinneadh maidir le síniú.

---

[8] Féach Airteagal COMPROV.2 (comhaontuithe forlíontacha).

[9] Féach thuas, fonóta 7.



PUBLIC

Mínítear na cúiseanna atá leis an rogha pholaitiúil sin in aithris 6 – "*i bhfianaise chineál eisceachtúil uathúil an* [Chomhaontaithe]"– ach freisin, go hindíreach, in aithris 16 den chinneadh maidir le síniú, ina mínítear na cúiseanna ar chinn an Chomhairle an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach ós rud é go mbaineann sé le "*tír atá tarraingthe siar as an Aontas*", agus dá bhrí sin, is "*i gcás éagsúil eisceachtúil maidir leis an Aontas i gcomparáid le tríú tíortha eile "an Ríocht Aontaithe*". Go deimhin, bhí leibhéal an chomhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le laghdú ó leibhéal an-ard ag deireadh na hidirthréimhse – a raibh feidhm fós ag *acquis* an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe lena linn – go leibhéal comhair níos ísle amhail ó dheireadh na tréimhse sin agus, ar an gcaoi sin, suaitheadh a bheith ann dá bharr, a bhféadfaí a dhéine a theorannú tríd an gComhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm go sealadach.

10. Na hiarmhairtí agus na teorainneacha a bhaineann leis an rogha pholaitiúil thuas a dhéanamh, leagtar amach go sainráite iad in aithris 15 agus in Airteagal 10 den chinneadh maidir le síniú ina ndearbhaítear an méid seo: "*ní dochar feidhmiú inniúlachtaí an Aontais tríd an gComhaontú Trádála agus Comhair d'inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i ndáil le haon chaibidlíocht atá ar siúl nó a bheidh ar siúl sa todhchaí le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta le haon tríú tír eile nó maidir lena síniú nó a dtabhairt i gcrích, nó i ndáil le haon chaibidlíocht a bheidh ar siúl sa todhchaí le haghaidh aon chomhaontuithe forlíontacha* [den Chomhaontú Trádála agus Comhair] *nó maidir lena síniú nó a dtabhairt i gcrích*".

11. An 25 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[10]. Tá an plé sa Chomhairle maidir leis an togra sin fós ar siúl.

---

[10] COM (2020) 856 final.

## III. ANAILÍS DLÍ

12. Lorgaíodh tuairimí JUR i ndáil le cineál dlítheanach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, agus go sonrach, i ndáil le saincheist an Aontais a bheith ag feidhmiú a inniúlachta féideartha, i ndáil le saincheist chineál AE-amháin an Chomhaontaithe agus i ndáil leis an tsaincheist maidir leis na hiarmhairtí dlí a bheadh ag an bhfeidhmiú sin inniúlachtaí do na Ballstáit. Mar a léirítear i mír 3 thuas, ní scrúdóidh JUR gach teideal den chomhaontú ná ní rachaidh sí ar aghaidh le hanailís chuimsitheach, mhionsonraithe inniúlachtaí.

PUBLIC

### A. Inniúlachtaí eisiacha agus comhroinnte an Aontais, mar a léirmhíníonn an Chúirt Bhreithiúnais iad

13. I gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas, go háirithe, sna réimsí seo a leanas: aontas custaim, bunú na rialacha iomaíochta is gá ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, caomhnú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha muirí faoin gcomhbheartas iascaigh, agus an comhbheartas tráchtála.

14. I gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, "*ina theannta sin, tá inniúlacht eisiach* [ag] *an Aontas chun comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích* (…) *a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú*". Mar a shoiléirigh an Chúirt ina breithiúnas sa Chás maidir leis an gCoinbhinsiún Craolacháin[11], códaítear leis an gcor deireanach seo d'Airteagal 3(2) AETR, mar a thugtar air, nó ERTA, dlí-eolaíocht[12].

---

[11] Cás C- 114/12, *An Coimisiún v. an Chomhairle* ('*An Coinbhinsiún Craolacháin*'), breithiúnas ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 4 Meán Fómhair 2014, AE:C:2014:2151, míreanna 66 agus 67. Féach freisin Tuairim 1/13 ón gCúirt Bhreithiúnais (Mór-Dhlísheomra) an 14 Deireadh Fómhair 2014, *an Coinbhinsiún maidir le Fuadach Leanaí*, AE:C:2014:2303, míreanna 69 go 74.

[12] Cás 22/70, *An Coimisiún v an Chomhairle* ('*ERTA*'), breithiúnas an 31 Márta 1971, AE:C:1971:32, míreanna 17 go 19: "*17. Go háirithe, gach uair a dhéanfaidh an Comhphobal, d'fhonn comhbheartas atá beartaithe sa Chonradh a chur chun feidhme, forálacha a ghlacadh lena leagtar síos comhrialacha, is cuma cén fhoirm ina mbeidh siad, ní bheidh sé de cheart a thuilleadh ag na Ballstáit, ag gníomhú dóibh ina n-aonar nó i dteannta a chéile fiú, oibleagáidí le tríú tíortha a dhéanann difear do na rialacha sin a ghabháil ar láimh. 18. Nuair agus de réir mar a thiocfaidh na comhrialacha sin i bhfeidhm, is é an Comhphobal amháin a bheidh in ann oibleagáidí conarthacha a ghabháil air féin agus a dhéanamh i leith tríú tíortha a dhéanann difear do raon iomlán chur i bhfeidhm chóras dlí an Chomhphobail. 19. Maidir le cur chun feidhme fhorálacha an Chonartha, ní fhéadfar, dá bhrí sin, córas beart inmheánach an Chomhphobail a dheighilt ó chóras an chaidrimh sheachtraigh.*"

15. I dtaca le hinniúlachtaí comhroinnte, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 4(1) agus (2) CFAE:

"*1. Comhroinnfidh an tAontas inniúlacht leis na Ballstáit i gcás ina dtugtar inniúlacht leis na Conarthaí dó nach mbaineann leis na réimsí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 6.*
*2. Cuirfear i bhfeidhm inniúlachtaí comhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit sna príomhréimsí seo a leanas:*
*(a) margadh inmheánach;* (…)
(*e*) *comhshaol;*
*f) cosaint tomhaltóirí;*
*(g) iompar;* (…)
*(i) fuinneamh*
*(j) limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais*
*(k) gnáthchúraimí sábháilteachta i gcúrsaí sláinte poiblí* (…)"

16. Is í tuairim sheasta na Cúirte go bhfuil riosca ann go bhféadfadh gealltanais arna dtabhairt ag na Ballstáit difear a dhéanamh do chomhrialacha an Aontais, nó go bhféadfaí raon feidhme na rialacha sin a athrú, ar mhaithe le húdar cuí a thabhairt d'inniúlacht sheachtrach eisiach de chuid an Aontais faoi Airteagal 3(2) CFAE, i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi raon feidhme rialacha comhchoiteanna sin an Aontais[13].

17. Má chinntear go bhfuil riosca den sórt sin ann ní ghlactar leis go bhfuil an réimse a chumhdaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta (bíodh siad iarbhír nó beartaithe) agus an réimse a chumhdaítear le rialacha an Aontais ag teacht le chéile ina n-iomláine. Go háirithe, d'fhéadfadh gealltanais idirnáisiúnta difear a dhéanamh do raon feidhme comhrialacha an Aontais i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi réimse a chumhdaítear a bheag nó a mhór cheana féin leis na rialacha sin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí go gcinnfí gurb ann don riosca sin go ndéanfaí difear do chomhrialacha an Aontais i gcás ina bhféadfadh na gealltanais idirnáisiúnta i gceist tionchar a bheith acu, gan a bheith i neamhréir leis na rialacha i gcónaí, ar bhrí, raon feidhme agus éifeachtacht na rialacha sin[14].

---

13 Tuairim 2/91 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 19 Márta 1993, *ILO*, AE:C:1993:106, mír 25; Cás C–467/98, *An Coimisiún v. an Danmhairg* (*'Aerspás Oscailte'*), breithiúnas ón gCúirt an 5 Samhain 2002, AE:C:2002:625, mír 82; agus Tuairim 1/03 ón gCúirt Bhreithiúnais (Cúirt Iomlán) an 7 Feabhra 2006, *Coinbhinsiún Lugano*, AE:C:2006:81, míreanna 120 go 126.

14 Féach Tuairim 2/91 *ILO* (op. cit. fonóta 13), míreanna 25 agus 26; Breithiúnas in *'Aerspás Oscailte'* (op. cit. fonóta 13), mír 82; Tuairim 1/03 *Coinbhinsiún Lugano* (op. cit. fonóta 13), míreanna 120 agus 126; Breithiúnas in '*Coinbhinsiún Craolacháin'* (op. cit. fonóta 11), míreanna 68 go 73; chomh maith le Cásanna Uamtha C-626/15 agus C-659/16, *an Coimisiún v an Chomhairle* (*'Weddell'*) breithiúnas ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 20 Samhain 2018, AE:C:2018:925, míreanna 113 agus 114 agus an cásdlí a luaitear.



PUBLIC

Agus anailís á déanamh ar an ngaol idir an ionstraim idirnáisiúnta atá i gceist agus rialacha ábhartha an Aontais, ní mór a chur san áireamh leis an anailís sin na réimsí a chumhdaítear, faoi seach, le rialacha dhlí an Aontais agus le forálacha na hionstraime sin, a bhforbairt amach anseo agus cineál agus ábhar na rialacha sin agus na bhforálacha sin, chun a chinneadh an féidir, leis an ionstraim sin, an bonn a bhaint de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach rialacha Aontais agus de dhea-fheidhmiú an chórais a bhunaítear leo[15].

PUBLIC

**B. Iarmhairtí inniúlachtaí eisiacha an Aontais do na Ballstáit**

18. Tá iarmhairtí ag baint leis an Aontas a bheith ag feidhmiú a inniúlachta go hinmheánach ar na Ballstáit, a mhéid, má thugtar inniúlacht eisiach don Aontas, nach bhféadfaidh na Ballstáit gealltanais idirnáisiúnta a thabhairt a thuilleadh lasmuigh de chreat institiúidí an Aontais sna réimsí a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais[16].

19. Os a choinne sin, go hinmheánach, i gcás nár fheidhmigh an tAontas (fós) a chuid inniúlachtaí comhroinnte i réimse ar leith, féadfaidh na Ballstáit leanúint dá n-inniúlachtaí a fheidhmiú sa réimse sin "*a mhéid nach bhfuil inniúlachtaí an Aontais feidhmithe aige*" (Airteagal 2(2) CFAE). Is amhlaidh atá, go seachtrach, i gcás ina mbeadh sé mar thoradh ar an anailís ar ghealltanas idirnáisiúnta (beartaithe) nach gcomhlíonfaí na coinníollacha don eisiachas a leagtar amach in Airteagal 3(2) CFAE, mar a léirmhínigh an Chúirt iad sa chásdlí cuimsitheach atá aici maidir le hinniúlachtaí seachtracha (féach míreanna 16 agus 17 thuas) agus, dá dhroim sin, gur féidir leis na Ballstáit fós a gcuid inniúlachtaí a fheidhmiú go seachtrach.

15 Féach Tuairim 3/15 ón gCúirt Bhreithiúnais (Mór-Dhlísheomra) an 14 Feabhra 2017, *Cearta Rochtana*, AE:C:2017:114, mír 108 agus an cásdlí a luaitear.

16 Tuairim 2/91 *ILO* (op. cit. fonóta 13), míreanna 25 agus 26; Breithiúnas in *'Aerspás Oscailte'* (op. cit. fonóta 13), mír 82.

20. Mar shampla, níl comhrialacha inmheánacha glactha ag an Aontas fós maidir leis na cearta aerthráchta a dheonaítear do thríú tíortha. Dá bhrí sin, níl inniúlacht an Aontais comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú tíortha maidir leis na hábhair sin éirithe ina inniúlacht eisiach de chuid an Aontais[17] agus is féidir leis na Ballstáit nó an tAontas í a fheidhmiú[18].

PUBLIC

## C. Meascacht na gcomhaontuithe idirnáisiúnta: éagsúlacht éigeantach nó éagsúlacht roghnach

21. Meabhraítear, i gcomhréir le prionsabal na tabhartha (Airteagal 5 CAE), go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta measctha, i.e. déanann an tAontas agus a Bhallstáit araon é a shíniú agus a thabhairt i gcrích, más ceist inniúlachtaí é a bhaineann leis an Aontas agus lena Bhallstáit araon.

22. Tá, i gcleachtas, dhá chineál meascachta: meascacht éigeantach nó meascacht roghnach.

Tá an mheascacht éigeantach i gcás, sa bhreis ar réimsí inniúlachta an Aontais, ina gcumhdaíonn an comhaontú atá beartaithe réimse amháin nó roinnt réimsí nach dtagann faoi inniúlachtaí an Aontais, i.e. i gcás nár tugadh, leis na Conarthaí, inniúlachtaí don Aontas sa réimse áirithe sin. Sa chás sin, níl rogha pholaitiúil ann: ní mór an comhaontú a bheith tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag a Bhallstáit araon.

Tá an mheascacht roghnach i gcás ina gcumhdaíonn an comhaontú atá beartaithe réimse amháin nó roinnt réimsí ina bhfuil inniúlachtaí comhroinnte féideartha ag an Aontais, i.e. nach bhfeidhmítear fós nó nach gcumhdaítear fós le comhrialacha an Aontais a mbeadh iarmhairtí ag an gcomhaontú atá beartaithe ina leith, mar a luaitear in Airteagal 3(2) agus sa chásdlí gaolmhar. Sa chás sin, is féidir an tAontas agus a Bhallstáit nó an tAontas amháin an comhaontú a thabhairt i gcrích. Ag brath ar chinneadh na Comhairle inniúlachtaí féideartha uile an Aontais a fheidhmiú nó gan iad a fheidhmiú, is comhaontú AE-amháin nó comhaontú measctha a bheidh sa chomhaontú. Is rogha pholaitiúil é sin atá le déanamh ag an gComhairle ar bhonn fhorálacha ábhartha an Chonartha a thugann inniúlacht don Aontas.

---

17 Breithiúnas in *'Aerspás Oscailte'* (opt. cit. fonóta 13), míreanna 90 go 92.

18 Féach tuairim JUR in 5990/18 maidir leis an Rialachán maidir le hiomaíocht in earnáil an aeriompair, míreanna 23 agus 24.

23. Sa Tuairim uaithi maidir le *comhaontú saorthrádála Shingeapór*,[19] thug an Chúirt soiléiriú maidir le roinnt na hinniúlachta idir an tAontas agus na Ballstáit i réimse na trádála agus na hinfheistíochta. Bhain an Chúirt de thátal as gur faoi inniúlacht eisiach an Aontais a bhí an chuid is mó den Chomhaontú Saorthrádála le Singeapór toisc gur cumhdaíodh é leis an gComhbheartas Tráchtála, lena n-áirítear maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche, mar a shainítear in Airteagal 207(1) CFAE, nó toisc gur cumhdaíodh é leis an gComhbheartas Iompair (Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE)[20].

24. Sa Tuairim chéanna, mheabhraigh an Chúirt gur inniúlacht eisiach de chuid an Aontais í an infheistíocht dhíreach choigríche. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann forálacha CST le hinfheistíocht indíreach (i.e. infheistíocht phunainne), bhí an inniúlacht maidir leis sin "comhroinnte idir an tAontas Eorpach agus na Ballstáit de bhun Airteagal 4(1) agus (2)(a) CFAE "[21]. Maidir le feidhmiú féideartha na hinniúlachta comhroinnte den chineál sin, shoiléirigh an Chúirt ina breithiúnas in *Weddell* cé go dtagann gníomhú idirnáisiúnta an Aontais faoi inniúlacht a chomhroinntear idir é féin agus na Ballstáit, ní fhágann sin nach bhféadfar an tromlach is gá a bhaint amach laistigh den Chomhairle go mbeidh an Aontas in ann an inniúlacht sheachtrach sin a fheidhmiú ina aonair[22].

25. I gcás meascacht roghnach, nuair atá inniúlacht ag an Aontais maidir leis na hábhair a chumhdaítear le comhaontú, a thagann cuid acu ar a laghad faoina inniúlacht ionchasach, féadfaidh na Ballstáit an inniúlacht ionchasach sin a fheidhmiú fós más mian leo. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh, mar sin féin, i gcás comhaontú airithe, inniúlacht fhéideartha an Aontais a fheidhmiú ar bhonn bhunús dlí ábhartha an Chonartha[23], i gcomhréir leis na rialacha vótála dá bhforáiltear ann. Is rogha pholaitiúil don Chomhairle é inniúlacht ionchasach an Aontais a fheidhmiú go seachtrach agus comhaontú á thabhairt i gcrích aige[24].

---

19 Tuairim 2/15 ón gCúirt Bhreithiúnais (Cúirt Iomlán) an 16 Bealtaine 2017, *comhaontú saorthrádála Shingeapór*, AE:C:2017:376.

20 I gcás na seirbhísí iompair, d'oibrigh an Chúirt amach an méid seo óna cásdlí AETR: féach Tuairim 2/15 *comhaontú saorthrádála Shingeapór* (op. cit. fonóta 19), mír 170 agus tuilleadh. Tabhair faoi deara áfach, nár cumhdaíodh seirbhísí aeriompair i gcomhaontú saorthrádála Shingeapór, féach mír 63 den Tuairim sin.

21 Tuairim 2/15 *comhaontú saorthrádála Shingeapór* (op. cit. fonóta 19), míreanna 243.

22 Breithiúnas in *'Weddell'* (opt. cit. fonóta 14), mír 126.

23 Féach an tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle maidir le Córas Cúirte Infheistíochta (ICS) CETA, mír 6.

24 Féach Cás C- -600/14, *an Ghearmáin v. an Chomhairle ('OTIF')*, breithiúnas ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 5 Nollaig 2017, AE:C:2017:935, mír 68; féach freisin Breithiúnas in *'Weddell'* (opt. cit. fonóta 14), míreanna 126 agus 127.



PUBLIC

26. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir cásanna de mheascacht éigeantach ina gcumhdaítear go páirteach le hábhar an chomhaontaithe ábhair a bhfuil inniúlacht ag an Aontas ina leith agus ábhair nach bhfuil inniúlacht ar bith ag an Aontas ina leith. I gcás den chineál sin, mar a luaitear thuas i mír 22, ní rogha pholaitiúil ach oibleagáid dhlíthiúil í an mheascacht[25].

27. Meabhraítear go bhfuil castacht nós imeachta agus pholaitiúil ag baint le comhaontuithe measctha a thabhairt i gcrích de réir mar is léir ón bpróiseas a bhain le comhaontuithe measctha a thabhairt i gcrích le déanaí. Go deimhin, le teacht i bhfeidhm comhaontaithe measctha, ní amháin go gcaithfidh an tAontas Eorpach iad a dhaingniú (conclúid ón gComhairle, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa go hiondúil), ach caithfidh na Ballstáit uile iad a dhaingniú i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla. Mar thoradh air sin, i bprionsabal, fanfaidh an tAontas go dtí ndéanfaidh na Ballstáit uile é a dhaingniú sula ndaingneoidh sé féin é. D'fhéadfadh tréimhse fhada a bheith i gceist le próiseas den chineál sin, agus braitheann sé ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an daingniú ag feidhmiú go rianúil sna Ballstáit uile. Os a choinne sin, chun teacht i bhfeidhm, ní gá ach an tAontas comhaontú Aontais-amháin a dhaingniú, agus is féidir go praiticiúil é a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse ama níos giorra ná comhaontú measctha.

## D. Cás sonrach an chomhaontaithe trádála agus comhair leis an Ríocht Aontaithe

28. Gan scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar a Theidil éagsúla agus a fhorálacha éagsúla, má dhéantar scrúdú pras ar an gComhaontú Trádála agus Comhair feictear nach dtagann aon chás de mheascacht éigeantach chun cinn: tá inniúlacht ag an Aontas sna réimsí uile a chumhdaítear leis.

---

25 Tuairim 2/15 comhaontú saorthrádála Shingeapór (op. cit. fonóta 19), mír 292. Féach freisin tuairimí ó Sheirbhís Dlí na Comhairle in 12866/19 (CETA ICS) agus in 6442/19 (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hEadráin Infheisteoirí-Stáit).



PUBLIC

29. Meabhraítear do Sheirbhís Dlí na Comhairle sa chomhthéacs sin, mar shampla, gur inniúlachtaí eisiacha de chuid an Aontais de bhua Airteagal 3(1) CFAE iad forálacha a bhaineann le trádáil nó iascaigh atá i gCeannteideal a hAon de Chuid a Dó (Trádáil) agus i gCeannteideal a Cúig de Chuid a Dó (Iascach). Le forálacha eile an Chomhaontaithe, mar shampla, Teideal II de Cheannteideal a Dó (Sábháilteacht eitlíochta) nó Cuid a Trí (Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla), cumhdaítear ábhair a tháinig chun bheith eisiach trí fheidhmiú nó a chumhdaítear den chuid is mó le *acquis* an Aontais a ndéanfaidh an Comhaontú difear dóibh nó a bhfuil an baol ann go ndéanfaidh sé difear dóibh[26].

30. Os a choinne sin, tá forálacha áirithe eile ann, mar shampla cearta tráchta i réimse na heitlíochta, a bhaineann le hinniúlachtaí comhroinnte an Aontais nár feidhmíodh go fóill go hinmheánach, agus dá bhrí sin nach bhfuil iontu ach inniúlachtaí ionchasacha de chuid an Aontais. Maidir leis na hinniúlachtaí ionchasacha sin, d'fhéadfadh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, agus an cinneadh maidir le síniú á ghlacadh aici, go ndéanfadh an tAontas an cineál sin inniúlachtaí ionchasacha neamheisiacha a fheidhmiú, agus ar an dóigh sin comhaontú de chuid an Aontais amháin a dhéanamh den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

31. Nuair a ghlac sí an cinneadh maidir le síniú an 29 Nollaig 2020, rinne an Chomhairle an rogha pholaitiúil sin agus chinn sí inniúlacht an Aontais a fheidhmiú i réimsí a d'fheadfadh inniúlacht a bheith ag an Aontas. Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh sin, go háirithe toisc gur tháinig sé i bhfeidhm an lá a ghlac an Chomhairle é (29 Nollaig 2020) agus tá an Comhaontú Trádála agus Comhair á chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2021. Dá bhrí sin, ní mór an Comhaontú a thabhairt i gcrích mar Chomhaontú de chuid an Aontais amháin.

32. Mar a léirítear thuas i mír 21 go mír 25, ní féidir leis an Aontas comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích ach amháin i gcás ina bhfuil an inniúlacht déanamh amhlaidh tugtha don Aontas sna Conarthaí, i gcomhréir leis an m<u>bunús dlí</u> ábhartha. Sa chás atá i gceist, síníodh agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach an Comhaontú Comhair ar bhonn Airteagal 217 CFAE, mar an bunús dlí substainteach, i gcomhar leis na bunúis dlí nós imeachta ábhartha (Airteagal 218(5) agus (8) CFAE).

---

26 Féach, *inter alia*, Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 212, 22.8.2018, p. 1) agus Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (IO L 119, 4.5.2016, lch. 132).

PUBLIC

33. Le hAirteagal 217 CFAE, tugtar de chumhacht don Aontas comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír lena mbunaítear comhlachas lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíocht agus nós imeachta speisialta. Ba cheart na réimsí a chumhdaítear le comhaontú den sórt sin a bheith laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thug na Ballstáit don Aontas sna Conarthaí chun na cuspóirí a leagtar amach ansin a bhaint amach[27]. Is féidir Airteagal 217 CFAE a úsáid aon uair a mbíonn inniúlacht ag an Aontas - i.e. i gcás ina dtugann an Conradh an inniúlacht iomchuí don Aontas i réimsí éagsúla a chumhdaítear leis an gcomhaontú - fiú murar feidhmíodh an inniúlacht sin go hiomlán nó más inniúlacht ionchasach í. Ní úsáidfear Airteagal 217 CFAE mar bhunús dlí, áfach, mura bhfuil aon inniúlacht bhunúsach ann, i.e. ní mór an inniúlacht bhunúsach earnála a bheith ann chun Airteagal 217 CFAE a úsáid mar bhunús dlí.

34. Le hAirteagal 217 CFAE, is féidir leis an Aontas comhaontú fadréimseach a thabhairt i gcrích, d'aon toil, maidir le ceisteanna a bhaineann le hinniúlacht AE gan gá a bheith ann na réimsí inar fheidhmigh nó nár fheidhmigh an tAontas a inniúlacht cheana a shainaithint go mion. Is féidir réimsí inniúlachta AE a áireamh ann ina n-éilítear, leis an mbunús dlí earnála, vótáil aontoilíochta nó vótáil trí thromlach cáilithe, chomh maith le réimsí inniúlachta ionchasaí de chuid an Aontais nár feidhmíodh go hinmheánach go fóill.

[27] Féach Cás C- -81/13, *An Ríocht Aontaithe v. an Chomhairle* ('*slándáil shóisialta, an Tuirc*), breithiúnais ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 18 Nollaig 2014, AE:C:2014:2449, míreanna 61 agus 62.

## E. FEIDHMIÚ INNIÚLACHT CHOMHROINNTE AN AONTAIS I GCOMHORDÚ NA SLÁNDÁLA SÓISIALTA AGUS I GCEARTA TRÁCHTA EITLÍOCHTA MAIDIR LEIS AN RÍOCHTA AONTAITHE

35. Mar shampla, tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas i réimse chomhordú na slándála sóisialta (Airteagal 48 CFAE). Thug an tAontas roinnt comhaontuithe i gcrích le tríú tíortha ina bhfuil rialacha maidir le comhordú na slándála sóisialta. Is amhlaidh a bhíonn de ghnáth i gcás comhaontuithe comhlachais bunaithe ar Airteagal 217 CFAE. Cé nach ndéantar an tsaorghluaiseacht a thabhairt chun críche, ní chuireann sin bac ar chomhaontú de chuid an Aontais a thabhairt i gcrích i réimse chomhordú na slándála sóisialta [28]. Go dtí seo, tugadh comhaontuithe le tríú tíortha lena gcumhdaítear réimse chomhordú na slándála sóisialta i gcrích go ginearálta mar chomhaontuithe measctha. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil inniúlacht ag an Aontas sa réimse seo, is ábhar é seo a bhaineann le rogha polaitiúil. Chomh maith leis sin is féidir leis an Aontas rogha dhéanamh a inniúlacht a feidhmiú go seachtrach agus comhaontú den sórt sin a thabhairt i gcrích mar chomhaontú AE-amháin.

36. Ar an dóigh chéanna, tá inniúlacht chomhroinnte ag an Aontas i réimse an aeriompair (Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE). A luaithe agus a mhéid a fheidhmíonn an tAontas inniúlacht chomhroinnte den sórt sin go hinmheánach, is é atá inniúil go heisiach ar ábhair a dhéanann difear do na rialacha inmheánacha sin. Ós rud é nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht chomhroinnte sin go hinmheánach i ndáil le cearta tráchta a thugtar do thríú tíortha, is minic a thugtar comhaontuithe le tríú tíortha ar ábhair den chineál sin i gcrích mar chomhaontuithe measctha (meascacht roghnach). Is féidir leis an gComhairle roghnú cé acu é a úsáid go seachtrach nó gan é a úsáid go seachtrach.

[28] Mar shampla, maidir leis an Tuirc, rinne an chúirt cúiteamh a thabhairt toisc nár comhlánaíodh saorghluaiseacht nuair a cuireadh Airteagal 217 CFAE le hAirteagal 48 CFAE mar bhunús dlí substaintiúil chun seasamh an Aontais a ghlacadh, seasamh atá le glacadh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc, i ndáil le forálacha a ghlacadh maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (féach breithiúnas sa chás *'slándáil shóisialta an Tuirc'*) (op. Cit. Fonóta 27) mír 63.

**F. Éifeacht ar Bhallstáit an Aontais agus inniúlacht (a d'fhéadfadh a bheith comhroinnte) á feidhmiú ag an Aontas**

37. Ní chuirtear cosc ar na Ballstáit a n-inniúlacht féin a fheidhmiú maidir leis an ábhar céanna i leith tríú tíortha eile má dhéantar inniúlachtaí an Aontais thuas maidir le tríú tíortha eile a fheidhmiú go seachtrach. Mar shampla, tá comhaontú eitlíochta ag an Aontas leis an Eilvéis a bhí ann le breis agus 20 bliain[29] agus a chumhdaíonn cearta tráchta. Níor chuir an comhaontú sin cosc ar na Ballstáit comhaontuithe maidir le cearta tráchta a thabhairt i gcrích le tríú tíortha eile.

38. Dá bhrí sin, cé gur chinn an Chomhairle, i gcás sonrach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe, comhaontú AE-amháin a roghnú, ní chuirtear aon chosc ar na Ballstáit leanúint dá n-inniúlachtaí náisiúnta a fheidhmiú i leith tríú tíortha eile sa réimse céanna inniúlachta a d'fheadfadh a bheith ag an Aontas. Má fheidhmíonn an tAontas a chuid inniúlachtaí ionchasacha sa réimse lena mbaineann *vis-à-vis* an Ríocht Aontaithe, ní spreagann sin cás eisiachais maidir lena chaidreamh le tríú tíortha eile ná cás eisiachais maidir le réimse na gceart tráchta a bhaineann le tríú tíortha eile amhail is gur feidhmíodh an inniúlacht sin go hinmheánach. Dá bhrí sin, tá saoirse fós ag na Ballstáit leanúint de chomhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích sna réimsí sin ina bhfuil inniúlacht chomhroinnte le tríú tíortha seachas an Ríocht Aontaithe faoi na coinníollacha céanna a bhí ann sular síníodh an Comhaontú Trádála agus Comhair. Mar a mhínítear thuas i mír 10, dearbhaítear an fhéidearthacht sin go sainráite in aithris 15 agus in Airteagal 10 den chinneadh maidir le síniú.

[29] Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar, arna shíniú an 21 Meitheamh 1999 (IO L 114, 30.4.2002, lch. 73).



PUBLIC

## G. Forálacha maidir le "breisithe" a d'fhéadfadh na Ballstáit a dhéanamh

39. Ina theannta sin, leis an gComhaontú Trádála agus Comhair déantar foráil don fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit, nó eisiatar an fhéidearthacht sin, comhaontuithe déthaobhacha a dhéanamh leis an Ríocht Aontaithe a bhaineann le hábhair shonracha a chumhdaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, i réimsí an aeriompair, an chomhair riaracháin i réimse an chustaim agus CBL agus chomhordú na slándála sóisialta[30]. Féadfaidh na Ballstáit déanamh amhlaidh ar choinníoll go mbeidh na comhaontuithe sin i gcomhréir le dlí an Aontais, nach mbainfidh siad an bonn d'fheidhmiú an Chomhaontaithe agus go mbeidh siad comhoiriúnach ar shlí eile leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 go hAirteagal 8 den chinneadh maidir le síniú, ina ndéantar foráil le sásra inmheánach faisnéise agus comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún, arb é an toradh a bheidh air sin go bhféadfaí socruithe déthaobhacha nó comhaontuithe déthaobhacha a údarú a thabharfadh na Ballstáit i gcrích leis an Ríocht Aontaithe sna réimsí sin.

40. Is léiriú é an sásra inmheánach sin ar dhualgas an chomhair dhílis atá ar na Ballstáit (Airteagal 4(3) CAE)[31], rud a bhfuil feidhm ghinearálta aige agus nach mbraitheann ar an inniúlacht lena mbaineann a bheith eisiach[32]. Ar an mbonn sin, tá dualgas ar na Ballstáit staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh baint amach chuspóirí an Aontais a chur i mbaol, agus a áirithiú go bhfuil na socruithe nó na comhaontuithe sin comhoiriúnach agus nach mbaineann siad an bonn d'fheidhmiú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. A mhéid a leagann sé síos agus a eagraíonn sé an fhéidearthacht comhaontuithe déthaobhacha áirithe lena bhforlíontar an Comhaontú Trádála agus Comhair ('breisithe' mar a thugtar orthu) mar a cheadaítear leis an gComhaontú féin, nó nach dtoirmisctear leis, is léiriú é an sásra inmheánach sin ar an bhfíoras gur cuid de dhlí an Aontais é an Comhaontú, go bhfuil sé ina cheangal i gcomhréir le hAirteagal 216(2) CFAE, agus dá bhrí sin go bhfuil tosaíocht aige.

---

[30] Féach Airteagal AIRTRN.3 agus Airteagal 41 den Phrótacal CBL.

[31] Airteagal 4(3) CAE: '*De bhun phrionsabal an chomhair dhílis, beidh an tAontas agus na Ballstáit de chúnamh ag a chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, i dtaca le cúraimí a chinneann ó na Conarthaí a chur i gcrích. Glacfaidh na Ballstáit gach beart ginearálta nó leithleach is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig ó na Conarthaí nó de dhroim gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais. Éascóidh na Ballstáit gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh siad o aon bheart a d'fheadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt.*'

[32] Cás C- 246/07, *an Coimisiún v. an tSualainn*, breithiúnas ón gCúirt (Mór-Dhlísheomra) an 20 Aibreán 2010, AE:C:2010:203, mír 71.

41. Maidir leis an sásra inmheánach, ní bhraitheann sé ar chineál na hinniúlachta atá i gceist le bheith ann. I gcás na gceart tráchta mar shampla, sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an inniúlacht sheachtrach á feidhmiú ag an Aontas maidir le cearta tráchta áirithe *vis-à-vis* an Ríocht Aontaithe. Ceadaítear comhaontuithe déthaobhacha áirithe lena bhforlíontar an Comhaontú Trádála agus Comhair sa Chomhaontú é féin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach ann[33]. Sa Chomhaontú féin cuirtear toirmeasc sonrach ar bhreisithe breise (Airteagal AIRTRAN.23)[34]. Rialaítear leis an sásra cumhachtaithe inmheánach in Airteagal 6 den chinneadh maidir le síniú conas a údarófar na breisithe ceadaithe. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le comhaontuithe breise maidir le ceart aerthráchta ar a laghad, ní hamháin gur léiriú é an sásra údaraithe ar dhualgas an chomhair dhílis. Is gá é toisc go bhfuil an inniúlacht sheachtrach chomhroinnte maidir le cearta tráchta i leith na Ríochta Aontaithe nár feidhmíodh roimhe seo á rialú anois ag forálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a bhfuil tosaíocht aige, agus is inniúlacht eisiach AE é *vis-à-vis* an Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, mar a luaitear thuas i mír 37 go mír 38 agus agus mar a dhearbhaítear go sainráite in aithris 15 agus Airteagal 10 den chinneadh maidir le síniú, níl an inniúlacht sin de chuid an Aontais eisiach i leith tríú tíortha eile.

PUBLIC

33 Airteagal AIRTRN.3(5) TCA: '*beidh na cearta a dheonaítear go frithpháirteach i gcomhréir le mír 4 (i.e. breisithe) faoi rialú ag forálacha an Teidil seo.*'

34 '*Ní fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe agus ceann de na Ballstáit aon cheart a dheonú dá chéile i ndáil le haeriompar isteach ina gcríoch féin, amach astu nó laistigh díobh, seachas na cearta a leagtar síos go sainráite sa Teideal seo, seachas mar a fhoráiltear in Airteagal AIRTRN.3 (4) agus (9) [cearta tráchta]*'

42. Ar deireadh, tapaíonn Seirbhís Dlí na Comhairle an deis seo chun soiléiriú a dhéanamh, mar a rinne sí in Coreper an 22 Eanáir 2021, d'ainneoin an ráitis a chuir an Coimisiún le miontuairiscí chruinniú na Comhairle an 29 Nollaig 2020, i ndáil leis an gcinneadh maidir le síniú a ghlacadh[35], nach dóigh léi go bhfuil aon bhac dlí ar shásra inmheánach den sórt sin d'údarú socruithe déthaobhacha nó comhaontuithe idir Ballstáit agus an Ríocht Aontaithe a bheith ann i ngníomh dlí atá bunaithe ar Airteagail 217 agus 218 CFAE, amhail an cinneadh maidir le síniú, nó ar chinneadh ón gComhairle a bheidh ann amach anseo lena dtabharfar na comhaontuithe chun críche. Féadfar sásraí inmheánacha údaraithe nó cumhachtaithe den sórt sin a leagan amach i ngníomh dlí arna ghlacadh ar bhonn na mbunús dlí substaintiúil earnála ábhartha (i.e. téacs reachtach) nó i ngníomh dlí arna ghlacadh ag an gComhairle chun comhaontuithe a shíniú agus a thabhairt i gcrích[36].

## IV. CONCLÚID

43. Mar fhocal scoir, dearbhaíonn Seirbhís Dlí na Comhairle a tuairim go bhféadfar an Comhaontú Trádála agus Comhair a thabhairt i gcrích mar chomhaontú AE-amháin ar bhonn Airteagal 217 CFAE ós rud é nach gcumhdaíonn sí ach réimsí ina bhfuil inniúlacht ag an Aontas, bíodh siad eisiach nó ionchasach. Chinn an Chomhairle an rogha sin a dhéanamh nuair a ghlac sí an cinneadh maidir le síniú an 29 Nollaig 2020.

---

35 5525/20 ADD 1.

36 Meabhraítear do Sheirbhís Dlí na Comhairle go mbunaítear le hAirteagal 4 den Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar sásra inmheánach comhchosúil i ndáil le comhaontuithe i réimsí inniúlachta an Aontais lena gceadaítear do Bhallstáit áirithe, faoi na coinníollacha dá dtagraítear san fhoráil sin, a thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe (féach Cinneadh (AE) 2020/135 an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).



PUBLIC